

Annual threshing in Ballymurphy on Sunday

BALLYMURPHY Vintage Club are holding their 4th Annual Threshing day and field day on Sunday 29 August beside Ballymurphy Hall after Pattern Mass. Proceeds in aid of Ballymurphy Hall.

THANKS TO CLUBS

Ballymurphy Vintage Club in association with MLR GAA, MLR Camogie and Ballymurphy Hall Committee would like to thank everyone for their support for the truck run, auction and cabaret for the Annie Lawlor Benefit Fund. The clubs would also like to thank all the truck drivers, stewards, ticket sellers, sponsors and all who helped in the organisation of the events. A total of €30,000 was raised.

A HUGE THANK YOU

On behalf of Annie Lawlor, Mullanagown, her parents Karol and Joanne, would sincerely like to thank everybody involved in the cabaret and truck run benefit fund

Borris

CONTACT: BRIDGET DALTON AT THE CRISP CENTRE
TEL: 059 9771899

in March.

Thanks to the Vintage Club, The Ballymurphy Hall Committee, MLR GAA and MLR Camogie Clubs. A particular Thank You to Mag Culleton for everything. Thanks also to both families, to neighbours and friends.

We are overwhelmed by the support from the local community and beyond.

It is greatly appreciated.

Thanks to the lads who ran the Achill Marathon in July for Annie's benefit fund.

And finally huge thanks to everyone involved in (Annie's got mail) especially Mick and Brendan.

Annie is doing well and we look forward to getting her normal routine back soon.

BALLYMURPHY HALL COMMITTEE

Split The Pot results 16 August: 1st, John Murphy €240; 2nd, Sheila Murray €20; 3rd, Fred Bradley €20.

Tickets on sale in Ballymurphy Stores, Ballymurphy Post Office, Coleman's Pub, The Hilltop Bar or any committee member. Thank you for your continued support.

Draw takes place every Monday night in the Hilltop Bar.

CRISP LOWER MAIN STREET

059 97 71899. 4 September, Saturday morning from 10-12. Big Red Book (accounts).

21 September, Tuesday night 7-10 ECDL (European Computers Drivers Licence). To reserve a place please call in or phone 059 97 71899.

Myshall/Fenagh

CONTACT: MICHAEL KELLY TEL: 087 2414036
EMAIL: DAWNREDWOOD@EIRC.COM.NET



Fenagh steam rally

SUNDAY 12 September is a date for your diary when the 39th annual Fenagh Steam Rally takes place. Always a great day of steam, vintage and classic vehicles this year's event is bound to live up to the usual high standard as the hard working voluntary committee plan ahead for the 40th anniversary in 2011.

U21 WINNERS

Naomh Eoin are celebrating the win of their U21 football team on Tuesday 17 August, when they lifted the first silverware of the 2010 championships with a thrilling win over Michael Davitts.

Congratulations to the team and manager Thomas Doyle, selectors Tom Quirke, Willie Eustace, Eddie Keddy and Michael Neary.

NAOMH EOIN CABARET

Naomh Eoin will host a fund raising cabaret in Robert's Lounge Myshall on Saturday 28 August.

There will be a draw with some great prizes on offer for the winners including, holiday in Killarney, premium level hurling final tickets, whiskey and money prizes. Your support will be greatly appreciated.

GARDEN COMPETITION IN PROGRESS

Myshall Muintir Na Tire 'Best Premises Competition' judging is taking place around now. Results and details later

COUNTRY & WESTERN NIGHT

Wood Glade resident's association are holding a country and western themed night in the Hunter's Rest, Fenagh on Saturday 28 August with music by Adrian Ryan Band. There will be prizes for the best dressed cowboy and cowgirl. A raffle will also take place with loads of good prizes, your support will be greatly appreciated.

Díoplóma sa Ghaeilge

Réachtálfar Cúrsa Díoplóma sa Ghaeilge i gCeatharlach arís i mbliana i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus leanfaidh sé thar thréimhse dhá bhliain. Is cúrsa páirtaimseartha é an Díoplóma le ranganna ar feadh trí huairte a chloig oíche amháin sa tseachtain.

Chríochnaigh an cúrsa is déanaí i gCeatharlach i Márta 2010 agus d'éirigh le suas le 20 mac léinn an díoplóma a bhaint amach. Leagann an cúrsa béim ar chuile gné den teanga agus tá sé oiriúnach d'éinne le caighdeán maith sa teanga atá ag iarraidh cáilíocht a bhaint amach mar mhacléinn aibí. Tosnóidh an chéad chúrsa eile i Mí Mheán Fómhair 2010 agus críochnóidh sé thart ar Mhí na Márta 2012.

Chomh maith le ranganna uair sa tseachtain a bheidh ar siúl i gCeatharlach (thar 10 seachtaine gach téarma) beidh cúrsa dheireadh seachtaine in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa chéad bhliain. Agus beidh deis ag na miocléinn tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht chomh maith.

'Siad aidhmeanna an Chúrsa seo ná cur le cumas an mhicléinn an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh agus a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa teanga.

Déanann an cúrsa iarracht tuiscint a chothú ins na miocléinn ar cheart na Gaeilge, léargas a thabhairt dóibh ar chultúr agus ar shafocht Ghaelach na hÉireann agus meon dearfach i leith na Gaeilge a spreagadh iontu.

Fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine go bhfuil leibhéal pas bainte amach acu i scrúdú ardleibhéal Gaeilge na hArdteistiméireachta agus/nó a shásaíonn Stiúrthóir Acadúil an Chúrsa go bhfuil caighdeán sásúil sroichte acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge.

Tá gach eolas agus foirm iarratais ar fáil ó Glór Cheatharlach ar (059) 9158105 / (085) 1340047 nó ó Chatríona in Acadamh na hOllscolaíochta, Gaillimh ar (091) 1495 248 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig andiplomasagaeilge@oegaillimh.ie

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach

Carlow Gateway Business Centre

Bóthar Átha Í, Ceatharlach

(059) 9158105 / (085) 1340047

emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!



Comhgháirdeachas agus Deaghuí!

Déanann Glór Cheatharlach comhgháirdeachas ó chroí leis na scoláirí uile mórtimpeall an chontae as na torthaí iontacha a bhaineadar amach i Scrúdú Ardeistiméireachta na bliana seo. Scoláirí 2010 Abú! Is léir daoibh anois gurbh fhiú an dianstaidéar go léir. Tar éis bliain fhada a chaitheamh ag foghlaim, ag léamh agus ag staidéar tá an jab déanta.

Tá na torthaí fógraithe, an ceiliúradh déanta agus na tairiscintí ag teacht isteach go tiubh i láthair na huairte. Guíonn Glór Cheatharlach gach rath agus deaghuí ar na miocléinn uile agus iad ag tógaint céim eile ar bhóthar an oideachais. Céim mhór ar aghaidh agus céim mhór éagsúil ar ndoigh ón oideachas dara leibhéal. Coláiste nua, Cúrsa nua, Cairde nua. Taithí agus deiseanna úra. Daoine uaigneach, buartha agus ar bís ag an am céanna.

Bainigí sult, taitneamh agus tairbhe as an taithí nua os bhur gcomhair amach. Sea, go n-éirí go geal le scoláirí 2010.

Ranganna Gaeilge an Fómhair

Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógart go mbeadh ranganna oíche sa Ghaeilge do daoine fásta i gcomhar le Gaelchultúr ag fillleadh ar Cheatharlach arís an fóimhar seo. Tosóidh sraith nua des na cúrsaí gar do dheireadh Mí Mheán Fómhair. Beidh na ranganna ag tosú an tseachtain dar tús 20ú Meán Fómhair agus rachaidh siad ar aghaidh thar thréimhse 12 seachtain. Arís i mbliana beidh 5 leibhéal ar fáil anseo i gCeatharlach ag braith ar éileamh-Bunrang 1, Bunrang 2, Meánrang 1, Meánrang 2 agus Ardrang.

Beidh Bunrang 1 ar siúl ar oíche Dé Luain, Bunrang 2 agus Meánrang 1 ar an Mháirt, Meánrang 2 ar an gCéadaoin agus Ardrang ar oíche Dhéardaoin. Is in oifigí Chomhairle Chontae Ceatharlach a bheidh na cúrsaí uile ar siúl idir 7.00 agus 9.00i.n..

Dúirt Emma Whitmore, Oifigeach Forbartha Gaeilge le Glór Cheatharlach: "Tá gach duine i nGlór Cheatharlach an-sásta go bhfuil na ranganna Gaelchultúr ag fillleadh ar Cheatharlach arís an fóimhar seo. Bhain gach éinne an-taitneamh as na ranganna anuraidh agus tá súil againn go mbeidh

a lán rannpháirtithe nua i mbliana chomh maith le daoine ón bhliain seo caite ag teacht ar ais arís. Taispeánann an t-éileamh cé chomh láidir is atá an tsuim agus an tacaíocht don Ghaeilge anseo i gCeatharlach le daoine ag iarraidh an teanga a fhoghlaim nó cur leis an méad atá acu cheana féin".

Is féidir scrúdú gearr a dhéanamh ar shuíomh Gaelchultúr ar www.gaelchultur.com le cinntú cén leibhéal is fearr a oireann do dhuine. Cosnaíonn an cúrsa €240 san iomlán don 12 seachtain agus tá clárú oscailte anois ar líne nó trí ghlaoch a chur ar 1890 252 900. Gach eolas ó www.gaelchultur.com nó ó Glór Cheatharlach ar (059) 9158105, (085) 1340047 nó emma@glorcheatharlach.ie

Agus dóibh siúd go bhfuil rogha eile fós uatha cuirfear cúrsa gearr dar teideal Gaeilge Labhartha ar fáil i nGaelcholáiste Cheatharlach an fóimhar seo. Cúrsa cumarsáide uair a' chloig thar deich seachtaine le ranganna ar oíche Dé Máirt a bheidh i gceist agus cuirfear tús le clárú i Mí Mheán Fómhair. Gach eolas ón nGaelcholáiste ar 059 9132130.